*An tÚll Mór* 4 (2018)

# Cromail i Scéalta as Bailiúcháin na Scol

**Kate Foster**

[Tá an páipéar seo bunaithe ar léacht a tugadh an 24 Feabhra 2018, i gColáiste Lehman, mar chuid den siompóisiam "Litríocht na Gaeilge agus Béaloideas na hÉireann" a d'eagraigh an Clár Gaeilge de chuid Roinn na dTeangacha agus Litríochtaí. Fuarthas an leagan scríofa seo, an leagan nuashonraithe, ar an 29 Bealtaine 2024.]

San aiste seo, déanaim comparáid idir trí scéalta faoi Chromail as Bailiúcháin na Scol. Tá ceann amháin bailithe ó Sheáinín Tom Ó Dioráin, as Sruthán, Árainn (CBES 2A: 376-379); ceann eile bailithe ó Pheadar Ó Briain, as Co. na Gaillimhe (CBES 61: 9-13); agus ceann eile a bhailigh Tomás Ó Cearbhall as Co. Shligigh (tá an scéalaí anaithnid; CBES 174: 45-49). I ngach scéal, chuaigh duine (feirmeoir) as Éirinn go Sasana, chun Chromail a aimsiú agus é ag obair ansiúd mar ghréasaí bróg. Nuair a dheisigh Cromail na bróga, d'íoc an fear as, agus d'iarr sé ar Chromail páipéar a shíniú. Bhí sé scríofa ar an bpíosa páipéir nach dtógfadh Cromail an talamh uaidh dá mbeadh sé in Éirinn riamh. Níos déanaí, cinnte, tháinig Cromail go hÉirinn, agus chomhlíon sé a ghealltanas nuair a chonaic sé an píosa páipéir. Pléifidh mé na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na scéalta seo, agus an bhaint atá acu le cineálacha na scéalta de réir an chórais ATU (innéacs béaloidis Aarne-Thompson-Uther) agus ó thaobh na staire.

I scéal Sheáinín Tom, agus scéal Pheadair, tá fear cráifeach i gceist – manach i scéal Sheáinín Tom, agus bráthair i scéal Pheadair – agus ba é an duine úd a sheol an feirmeoir go Sasana leis an bpáipéar tábhachtach a fháil. I scéal a bhailigh Tomás, chuaigh an "fear dúiche" é féin go dtí Cromail nuair a bhí sé ina ghréasaí bróg. Níl sé soiléir cén chaoi a raibh aon eolas aige faoin todhchaí; de réir an scéil, "mhothaigh sé go mbeadh Cromail ina fhear cumhachtach." Níos déanaí, nuair a bhí an feirmeoir ag iarraidh a shínithe ó Chromail, dúirt sé leis mar mhíniú, "Tá sé ráite fút go mbeidh cumhacht mhór agat go fóill." Sna scéalta eile, is dócha go bhfuil eolas ag na fir chráifeacha mar gheall ar a gceangal le Dia. (Bhí na daoine naofa ag cosaint na hÉireann, nó cuid bheag di ar aon chaoi, fiú in am uafásach Chromail.) Mar sin tá ceangal anseo le M301.5, "Saints/holy men as prophets."

Chuir gach scéal béim ar an sonra go raibh Cromail ina ghréasaí bróg ar dtús; sin mar gheall (samhlaím) ar an iontas a bhí ag baint leis: cén chaoi a raibh sé indéanta gur éirigh caibléir ina dhuine chomh tábhachtach sin sa stair, agus chomh brúidiúil? Is daoine simplí iad na caibléirí, ceaptar. (Thosaigh scéal eile faoi Chromail sa bhailiúchán mar seo: "Bhí Oilibhéar Cromail an fear ba mheasa a bhí in Éirinn riamh.") Ach is í an fhíric stairiúil ná, ní raibh sé ina ghréasaí bróg riamh; ba dhuine léannta é agus thosaigh sé sa saol polaitíochta réasúnta luath ina shaol. Cén fáth go bhfuil an sonra sin chomh seasmhach sna trí scéalta? Tá neart scéalta béaloidis ina bhfuil gréasaí bróg ann, agus bíonn sé ina dhuine an-bhocht de ghnáth; mar sin b'fhéidir go bhfuil an chodarsnacht an rud is tábhachtachaí, idir duine i gceird umhal mar sin, coitianta sna scéalta, agus cé chomh cumhachtach agus a bhí Cromail níos déanaí ina shaol. Tá scéalta chomh maith faoi ghréasaí amaideach, agus tá saghas místuaime ag baint le carachtar Chromail sna scéalta seo: dá mbeadh sé ina dhuine cliste níos luaithe ina shaol dó, ní ghealladh

sé rud éigin mar sin. Ar aon chaoi, is cuma go raibh an feirmeoir (nó an manach, nó an bráthair) níos cliste ná é sa chás seo.

Chomh maith leis an sonra sin faoi cheird Chromail, i ngach scéal, níl aon chleas i gceist. Nuair a shínigh Cromail an páipéar, tuigeann sé cad é an t-iarratas, ach ceapann sé go bhfuil an smaoineamh craiceáilte, é féin ag tógáil tailte ó dhaoine in Éirinn. Ní raibh cliú dá laghad aige cén sórt saoil a bheadh aige tar éis tamaill. Sa scéal a bhailigh Tomás, dúirt Cromail é féin, "Mise ag baint do dhúiche dhíot! Ní thig liomsa a dhúiche a bhaint de chat." Ceapaim go bhfuil baint ann, b'fhéidir, leis an chineál scéil ATU 1000-1029 "Tales of the Stupid Ogre" san fhochatagóir "Labor Contract." I scéal Sheáinín Tom, shínigh Cromail an páipéar gan aon cheist a chur; sa dá leagan eile, d'íoc an feirmeoir an iomarca do na bróga, agus sin an fáth go raibh Cromail réidh gar éigin a dhéanamh air. Sa leagan a bhailigh Tomás, thug bean Chromail rabhadh dó, gur chóir dó gan an iomarca airgid a ghlacadh ón bhfeirmeoir; is cosúil go raibh sí níos críonna ná é.

D'fhiafraigh Cromail den mhanach i scéal amháin, agus den Bhráthair Bán i scéal eile, "Cén saol a gheobhainn féin?" leis an bhfreagra céanna: "Chomh fada agus a thogrós tú féin," agus "an fhad is maith leat féin." Agus tá scéilín beag sa dá scéalta ag a ndeireadh faoi iníon Rí: as an Fhrainc i leagan amháin, agus as an Spáinn sa leagan eile. Bhí Cromail ag iarraidh iníon an Rí a phósadh, chun a chumhacht féin a neartú. Caithfidh Cromail fanacht le bliain amháin sa dá scéal; tá an fáth níos soiléire i scéal Sheáinín, mar bhí an Rí ag iarraidh ama chun a airm a réiteach. I scéal Pheadair, luaigh sé athuair obair Chromail mar ghréasaí bróg: "An iníon ba shine a bhí an Rí sásta a thabhairt le pósadh dhó, mar ba cloigeann muice a bhí uirthi. […] Bhí sé sa litir freisin go raibh an iníon ba shine sách maith aige mar go mba caibléara bróg a bhí ann." Ní raibh aon mheas ag an Rí do Chromail mar gheall ar an gceird a rinne sé níos luaithe sa saol; ní raibh Cromail ina dhuine uasal. Maidir leis na feirmeoirí, cheapfainn go mbeadh níos mó measa ag baint le hobair mar sin acu – ach is dócha go n-aontóidís leis an rí gur thuill Cromail bean le cloigeann muice. Sa dá leagan seo, bhí Cromail é féin á bhearradh nuair a léigh sé an litir ón rí, agus ghearr sé a scornach féin, mar gheall ar an díomá a bhí ann, nó mar gheall ar theip a phleain. I ndáiríre, fuair sé bás tar éis galar éigin (agus, cinnte, cuireadh chun bás é níos déanaí, tar éis bháis, i Sasana). Ach tá an leagan sna scéalta níos drámatúla; thosaigh Cromail a shaol ar nós simplí, ag déanamh oibre macánta, ach níos déanaí bhí cumhacht an-mhór aige, agus bhí sé éagórach agus cruálach, go dti gur thit sé as a chumhacht (mar sa motif L410, Proud ruler humbled, nó L420, Overweening ambition punished). Nó b'fhéidir go raibh cumhacht aige fós, agus é féin a mharú; bhí an rogha aige fiú ar am a bháis.

Chríochnaigh an leagan a bhailigh Tomás Ó Cearbhall mar seo: "nuair a fuair Cromail bás fuaireadar trí cónraí, cónra darach, cónra iodhbháin, agus cónra luaidh. Chuireadar isteach ina chéile iad leis na cnámh a choinneáil le chéile agus chaitheadar go tóin na farraige iad. Dhá bhliain déag ó shin tháinig stoirm. Briseadh na cónraí agus scaipeadh na cnámha agus tá na Caitlicigh chomh cumhachtach leis na hAlbanaigh ó shin." Níl aon sonra faoin nós ina bhfuair sé bás (agus ní raibh aon mhanach nó bráthair ann an tairngreacht a dhéanamh faoi). Ach bhí saghas draíochta ceangailte leis. Fiú nuair a bhí Cromail marbh, bhí cumhacht éigin aige, agus bhí sé fós á húsáid in aghaidh cearta na gCaitliceach.

Tá neart sonraí suimiúla eile sna scéalta sin faoi Chromail; is spéisiúil, mar shampla, go raibh an feirmeoir sa dá scéal as Contae an Chláir, cé nach raibh na scéalaithe as an gcontae sin. Ach is soiléir gur chuir na scéalaithe Cromail isteach sa sórt gnáth-scéal as an bhéaloideas, le cúpla fíric as an stair. Is léir, in ainneoin chumhacht Chromail agus na rudaí uafásacha a rinne a shaighdiúirí in Éirinn, go bhfuil an fócas sna scéalta seo ar fheirmeoir amháin nár chaill an fheirm, buíochas le manach/bráthair (nó a chríonnacht féin): bhí duine éigin ábalta an bua a fháil ar Chromail. Ní chríochnaíonn scéal Sheáinín Tom le Cromail – críochnaíonn sé leis an manach: "Ní rinne Cromail ach an rásúr a tharraingt ar a mhuineál agus cailleadh é. Ansin tháinig caint an mhanaigh fíor athuair." Is é an manach an "laoch" den scéal.

## Leabharliosta


CBES 2A: 376-379; Seán Ó Dioráin (66), Sruthán, Árainn, Co. na Gaillimhe. Bailitheoir: Bríghid Ní Fhlannagáin, Scoil Eoghanachta, Árainn, Co. na Gaillimhe, 1937. Múinteoir: Mícheál Ó Flannagáin. (Leagan san alt seo as Ó hÍde, 169-171.)

CBES 61: 9-13; Peadar Ó Briain (60), Cladhnach, Co. na Gaillimhe. (Bailitheoir anaithnid): Doireadh, Na Doiriú Theas, Co. na Gaillimhe, 1936. Múinteoir: Páidraig Ó hEidhin. https://www.duchas.ie/ga/cbes/4583356/4582502/4584684

CBES 174:45-49; (faisnéiseoir anaithnid). Bailitheoir: Tomás Ó Cearbhall. Scoil Náisiúnta an Chaisleáin Charraí, Droim Mártain, Co. Shligigh. Múinteoir: Frank Haran. https://www.duchas.ie/ga/cbes/4701708/4694688

Ó hÍde, Tomás. *Seáinín Tom Sheáin: From Árainn to the Silver Screen.* Comhairle Bhéaloideas Éireann, 2019.


## Aguisín

I. CBES 61: 9-13; Peadar Ó Briain (60), Cladhnach, Co. na Gaillimhe. (Bailitheoir anaithnid): Doireadh, Na Doiriú Theas, Co. na Gaillimhe, 1936. Múinteoir: Páidraig Ó hEidhin. https://www.duchas.ie/ga/cbes/4583356/4582502/4584684

### Cromail an Caibléara Bróg

Ba chaibléara bróg é Cromail i dtús a shaoil. Bhí sé ina chonaí i Sasana. Bhíodh fear ag dul thart ar fud na hÉireann ag inseacht scéalta do na daoine agus sé an t-aimn a bhí air ná an Bráthair Bán, fear an-naofa a bhí ann. Bhí feilméara i gCo. an Chláir a raibh feilm mhór talmhan aige agus tháinig an Bráthair Bán go dtí é lá amháin. Dúirt an Bráthair Bán leis go mb'fhéidir go dtiocfadh sé sa saol fós go dtógfaí an talamh uaidh mhuintir na hÉireann. "Cén chaoi thógfaí an talamh nó cé thógfadh é" adeir an feilméara. Tógfaidh fear an talamh seo ó na feilméaraí agus sé an t-ainm atá air ná Cromail. I Sasana atá conaí air. "Meas tú a dtóigfeadh sé mo chuid talmhansa" adeir an feilméar. "Tóigfeadh sé gach talamh" adeir an Bráthair Bán. "Téirigh go Sasana" adeir an Bráthair leis an bhfeilméara "agus lig ort féin go dtáinig tú ag iarraidh do bhróg a dheasú mar is caibléara bróg é an fear seo Cromail. Gheobhaidh tú ag imirt pingneacha é taobh

amuigh dá theach féin tráthnóna. Nuair a bheas bróg amháin deasaithe aige iarr air an bhróg eile a dheasú agus nuair a bheas siad réidh iarr air páipéar sínáilte a thabhairt dhuit."

Ghlac an feilméara buíochas leis an mBráthair agus dúirt sé go ndéanfadh sé a chomhairle. D'imigh leis an bhfeilméara go Sasana agus bhí sé ag imeacht ariamh ariamh nó gur casadh Cromail dhó agus bhí sé ag imirt pingneacha taobh amuigh dá theach féin. Bheannaíodar dá chéile agus tar éis tamaill comhrá a bheith eatarthu d'iarr an feilméara air a bhróg a dheasú. Chuadar isteach sa teach agus dheasaigh sé an bhróg dó. Nuair a bhí an bhróg réitithe aige thug an feilméara píosa óir dhó. Tá an iomarca airgid ansin adeir Cromail. Ní raibh aon fhonn ar Chromail é a ghlacadh ach mar sin féin ghlac sé é.

D'imigh leis an bhfeilméara agus bhí sé ag siúl thart nó go dtí lá arna mhárach agus fuair sé Cromail san áit chéanna ag imirt pingneacha. Thit an rud céanna amach mar tharla an lá roimhe sin. Chuir sé caoi ar an mbróig eile dhó agus thug an feilméara píosa eile óir dhó. Dúirt Cromail go raibh níos mó tugtha uaidh aige ná mar bhí déanta dó, ach go mb'fhéidir go ndéanfadh sé rud fónta dó amach anseo. "Aon rud amháin anseo atá mé ag iarraidh ort" adeir an feilméara. "Dá dtiocadh sé sa saol choíche go mbeifeása ag tógáil na talún ó na feilméaraí móra bheadh súil agam go bhfágfá i mo sheilbh féin mise." "Cén chaoi a dtiocfadh sé sa saol go mbeinnse ag baint tailte amach ar an gcuma sin" adeir Cromail. "Dá dtiocfadh sé sa saol go mbeadh." "Ó, dá dtiocfadh" adeir Cromail "ní raibh aon chall faitís dhuit." Thug Cromail páipéar sínáilte ansin don fheilméara agus d'imigh sé leis abhaile.

Faoi cheann tamaill chuaigh Cromail san arm agus bhí sé ag ardú i bpostanna móra nó go dtáinig sé sa deireadh go raibh sé ag tógáil tailte ó mhuintir na hÉireann. Tháinig sé go hÉirinn agus bhí sé ag tógáil na dtailte agus ag ruaigeadh na ndaoine thar sáile. Tháinig sé go dtí an feilméara agus dúirt sé leis go gcaithfeadh sé imeacht as an talamh. "Nach cuimhneach leat an socrú a déanadh" adeir an feilméara. Níor chreid Cromail é ach thaispeáin an feilméara an láimh scríbhinn dhó agus sin é an uair a thuig sé an scéal. "Cé thug fios dhuitse go mbeadh mise ag baint tailte de mhuintir na hÉireann?" adeir Chromail. "Bhí fear ag dul thart ar fud na tíre ar a dtugaidís an Bráthair Bán air, agus sin é a d'inis an scéal domsa" adeir an feilméara.

D'imigh le Cromail go bhfuair sé amach an Bráthair Bán agus d'fhiafraigh sé dó cén chaoi a raibh sé in ann insint don feilméara go mbeadh sé féin ag baint tailte do mhuintir na hÉireann agus "má bhí tú in ann é sin a insint is dóigh" adeir Cromail "go bhfuil tú in ann insint cén t-achar a mhairfeas mise." "An fhad is maith leat féin" adeir an Bráthair Bán. Bhí Cromail ansin chomh háthasach is a bhí Sul fadó nuair a chuala sé an scéal údan.

Tharla ansin go dtáinig troid idir Cromail agus Rí na Spáinne. Dúirt Rí na Spáinne go dtabharfadh sé a iníon le pósadh dhó dá n-éireodh sé as an troid. D'éirigh Cromail ansin as an troid. Ní bhfuair sé ach spás bliana agus nuair a bheadh an bhliain istigh mura bpósfadh sé an iníon ní bhfaigheadh sé ar chor ar bith í. An iníon ba shine a bhí an Rí sásta a thabhairt le pósadh dhó, mar ba cloigeann muice a bhí uirthi. Nuair a bhí an bhliain caite chuir an Rí litir ag Cromail ag fiafraí an raibh sé ag dul á pósadh. Bhí Cromail á bhearradh féin nuair a fuair sé an litir agus ní raibh ach leath-leiceann bearrtha aige. Dúirt sé leis féin ó ba í an iníon ba shine a bhí le fáil aige nach mbeadh aon bhaint aige le haoinne a raibh cloigeann muice air. Bhí sé sa litir freisin go

raibh an iníon ba shine sách maith aige mar go mba caibléara bróg a bhí ann. Ghearr sé a scornach ach ina dhiaidh sin mhair sé an fhad is ba mhaith leis féin. Tháinig scéal an Bhráthair Bháin isteach fíor.

II. CBES 174:45-49; (faisnéiseoir anaithnid). Bailitheoir: Tomás Ó Cearbhall. Scoil Náisiúnta an Chaisleáin Charraí, Droim Mártain, Co. Shligigh. Múinteoir: Frank Haran. https://www.duchas.ie/ga/cbes/4701708/4694688

Cromail

Gréasaí bróg ab ea Cromail i dtús a shaoil agus bhí sé ráite faoi go n-éireodh sé go mbeadh sé ina fhear ab airde in Éirinn nó i Sasana. An lá seo tháinig fear dúiche chuige agus d'fhág sé a mhiosúr aige le péire bróg a fháil. Nuair a mhothaigh sé go mbeadh Cromail ina fhear cumhachtach, chuir sé a lámh ina phóca agus thug sé sabhran buí do gach páiste dá raibh i dtigh Chromail. Ansin d'fhiafraigh sé de Chromail cén uair a mbeadh na bróga déanta. "A leithead seo de lá," arsa Cromail.

Tháinig an fear ag an am sin arís agus chuir sé a lámh ina phóca agus thug sé sabhran thart do chuile pháiste sa teach. "Ná bain pingin ar bith den fhear sin de barr na mbróg" arsa bean Chromail. "Sin fear ar fónamh, tá luach deich bpéire bróg tugtha aige do na páistí." Chaith an fear luach na mbróg amach ar an mbord. "Ní ghlacfaidh mise é" arsa Cromail. "Caithfidh tú é a ghlacadh" arsa an fear. "Tá mé ag iarraidh oibleagáid beag ort agus níl mé i ndiaidh íocaíocht na mbróg."

"Oibleagáid ar bith anuas ó na bhFlaitheas a thig liom a thabhairt duit gheobhaidh tú é mar tá tú i do fhear ar fónamh" arsa Cromail.

Tharraing an fear páipéar aníos as a phóca. "An gcuirfidh tú d'ainm leis seo" ar seisean "ag geallúint nach mbainfidh tú mo dhúiche díom."

"Mise ag baint do dhúiche dhíot! Ní thig liomsa a dhúiche a bhaint de chat."

"Bhuel! Tá sé ráite fút go mbeidh cumhacht mhór agat go fóill agus má bhíonn, tá mé ag iarraidh ort gan mo dhúiche a bhaint díom."

"Geallfaidh mé é sin duit" arsa Cromail "ach tá faitíos orm nach mbeidh cumhacht agam a leithead a dhéanamh." Ansin d'imigh an fear abhaile na bróga leis agus an síneáil déanta aige.

Ba ghearr ina dhiaidh sin go ndeachaigh Cromail isteach san airm dearg. D'éirigh sé ina sháirsint, ina choirnéal, ina oifigeach, agus ina cheannphort ab airde in Éirinn nó i Sasana. D'éirigh sé amach é féin agus a chuid fear ag marú rompu na gCaithiliceach. Shiúil siad Éire agus Sasana ar an obair seo. Caitliceach ar bith nach dtiontódh sé leis bhí an ceann bainte de aige agus a dhúiche tugtha d'Albanach. Caitliceach ar bith a thiontaigh leis d'fhág sé a dhúiche aige.

Bhíodar ag siúl go dtáinigheadar chomh fada leis an bhfear a dtug sé an scríbhinn dó. Tháinig an fear amach. Thaispeáin sé an páipéar do Chromail agus a ainm féin scríobhtha air. "Is beag a shíl mé an lá a thug mé an scríbhinn seo duit go mbeadh cumhacht chomh mór seo agam" arsa Cromail. Thug sé an páipéar ar ais dó agus ar seisean "ba chríonna an fear thusa. Téigh abhaile ní bhainfidh mise do dhúiche dhíot".

Nuair a bhí Éire agus Sasana uilig gnóthaithe aige shuigh sé síos ach bhí a dhream ag marú na gCaitiliceach. "Ó ná maraígí iad uilig. Troidfidh siad daoibh má thagann cogadh oraibh, cuirigí thart ar an robainn iad agus cuir cíos trom orthu i riocht is nach dtig leo éirí láidir aríst" arsa Cromail. "An fada a sheasfaidh an dlí seo" arsa na fir. "Fhaid is tá siúnta in mo chnámha" arsa Cromail. Bhí fonn ar na fir go bhfanfadh na Caitlicigh mar sin agus nuair a fuair Cromail bás fuaireadar trí cónraí, cónra darach, cónra iodhbháin, agus cónra luaidh. Chuireadar isteach ina chéile iad leis na cnámh a choinneáil le chéile agus chaitheadar go tóin na farraige iad. Dhá bhliain déag ó shin tháinig stoirm. Briseadh na cónraí agus scaipeadh na cnámha agus tá na Caitlicigh chomh cumhachtach leis na hAlbanaigh ó shin.

III. CBES 2A: 376-379; Seán Ó Dioráin (66), Sruthán, Árainn, Co. na Gaillimhe. Bailitheoir: Bríghid Ní Fhlannagáin, Scoil Eoghanachta, Árainn, Co. na Gaillimhe, 1937. Múinteoir: Mícheál Ó Flannagáin. (Leagan san alt seo as Ó hÍde, 169-171.)

Bhí manach i gContae an Chláir fadó

Bhí manach i gContae an Chláir fadó sular tháinig Cromail go hÉirinn. Bhí sé an-mhór le feilméara éigin a bhí san áit. Dúirt an manach leis an bhfeilméara a ghabháil go Londain, a ghabháil ar a leithéid seo de shráid agus ar a leithéid seo de choirnéal den tsráid go bhfaigheadh sé caibléir bróg agus a iarraidh air scríofa óna láimh nach mbainfidh sé a theach ná a chuid de go brách. Thug Cromail sin dó agus chuir sé isteach ina phóca é agus d'imigh leis. Ba é Cromail an caibléir bróg.

Tháinig sé sa déanamh tamall ina dhiaidh sin go dtáinig Cromail go hÉirinn agus bhí sé ag díbirt chuile thionónta as a chuid go dtí an fear agus bhí sé ag ghabháil dá chur sin amach freisin nuair a shín sé aige an píosa páipéir a thug sé dhó i Londain. "Cé a dúirt leat a ghabháil ina choinne seo ormsa" a deir Cromail. “Dúirt manach a bhí ina chónaí san áit seo dhom é," a deir an fear. "An bhfuil sé ann fós?" a deir Cromail. "Tá," a deir an fear. "Tabhair anseo chugamsa é," a deir Cromail. D'imigh an fear bocht. Is gearr gur tháinig an manach i láthair Chromail. "Cé a d'inis duit go raibh mise le teacht go dtí an áit seo," a deir Cromail. "D'inis mo Dhia dom é," a deir an manach. “Agus ar inis do Dhia dhuit cén saol a gheobhadh an fear seo atá in éineacht liom," a deir Cromail ag síneadh a mhéir chuig an gcaiptín airm a bhí ag imeacht in éineacht leis. "D'inis" a deir an manach. "Céard é féin," a deir Cromail. "Go dtí an chéad cheardchain eile," a deir an manach. "Agus ar inis do Dhia dhuit cén saol a gheobhainn féin," a deir Cromail. "D'inis," a deir an manach. "Chomh fada agus a thogrós tú féin." D'imigh Cromail agus níor chur sé as a sheilbh an feilméara. Is gearr a bhí siúlta acu nuair a d'imigh an crú de chapall an chaiptín airm a bhí in éineacht le Cromail. Chuaigh siad isteach sa gcéad cheardchain a casadh leo go gcuirfeadh an gabha crú ar chapall an chaiptín. Ní raibh aon iarann ag an ngabha leis an gcrú a dhéanamh. Dúirt Cromail leis, an teach a chuardach agus b'fhéidir go bhfaigheadh sé rud éigin agus ar deireadh fuair sé seanghunna. Chuir sé an gunna sa tine agus tharla go raibh urchar ó úsáid cogadh cheana ann agus nuair a theagmhaigh an tine leis phléasc sé agus bhuail sé

an caiptín sa méadail agus mharaigh sé é. Chuimhnigh Cromail ar chaint an mhanaigh ach ní mórán suime a chur sé ann.

Chuaigh sé abhaile go Sasana agus bhí sé ag iarraidh cogadh a chur ar an bhFrancach ach ní raibh a fhios aige cén chaoi a dtosódh sé. Chuir sé litir ag Rí na Fraince ag iarraidh a iníon air le pósadh. Chuir an Rí freagra aige ag gealladh a iníon dó ach go gcaithfidh sé spás bliana a thabhairt dí mar nach raibh sí réitithe fós. Nuair a bhí an bhliain beagnach caite lá amháin nuair a bhí Cromail dhá bhearradh féin tháinig litir aige ó Rí na Fraince. Ní raibh bearrtha aige ach leath leiceann agus níor fhan sé leis an leiceann eile a bhearradh gur oscail sé an litir, agus an rásúr ina láimh aige. Is éard a bhí sa litir "Téirigh i dtigh diabhail anois mar tá mise réitithe le cath agus is beag an mhaith dhuit a theacht." Thuig Rí na Fraince ó thosach gur ag iarraidh troda a bhí Cromail agus bhí sé aireach. Ní rinne Cromail ach an rásúr a tharraingt ar a mhuineál agus cailleadh é. Ansin tháinig caint an mhanaigh fíor athuair.

Fuair mé an scéal seo ó Sheán Ó Dioráin, Sruthán, Árainn (66 bl.).

*Ba mhaith leis na heagarthóirí buíochas a ghabháil le Cnuasach Bhéaloideas Éireann as cead a thabhairt don fhoilseachán seo na scéalta a chur i gcló i bhfoirm chaighdeánach.*